| Cur Síos Gairid | Nascmhodúil, Meitheal Forbartha: Cruinniú 11, 20 Bealtaine 2025 |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **An Nuacht is Déanaí** | Rinne an Feidhmeannach cur síos ar na céimeanna i dtreo an fhoilsithe, agus foilsiú na dtreoirlínte measúnaithe ina dhiaidh sin. Rinneadh forbhreathnú ar aiseolas ón gcomhairliúchán a leagan amach. |
| **Aiseolas a ghlacadh isteach sa dréachtsonraíocht: CMB** | Rinne baill na Meithle Forbartha plé ar an téacs CMB athbhreithnithe agus an ról atá ag na treoirlínte measúnaithe. Áiríodh seo a leanas sa phlé:<br>• Fáilte dhearfach ar an iomlán roimh an gcuid<br>• An cinneadh le húsáid a bhaint as na téarmaí Punann agus An Phunann i nGníomh<br>• Na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis an gcáipéis ilmhódach, aonair atá le cur isteach<br>• Tréimhsí ina bhfuil an CMB le cur i gcrích.<br><br>• Ionchais agus róil an mhúinteora agus an scoláire.<br>• Treoirlínte thart ar IS agus tagairtí a dhéanamh<br>• Uainiú maidir le cur amach agus cur isteach<br>• Na paraiméadair a bhainfidh leis an gcáipéis a chuirtear isteach<br>• Rúibric do thuairisceoirí |
| **Aiseolas a ghlacadh isteach sa dréachtsonraíocht: snáitheanna staidéir** | Tar éis forbhreathnú ar an aiseolas comhairliúcháin agus ar an eagarthóireacht, cuireadh fáilte dhearfach ar an iomlán roimh na hathruithe molta. Áiríodh seo a leanas sa phlé:<br>• An chaoi le saincheisteanna pobail a leagan amach ach gan a bheith ró-dhiúltach<br>• Soiléiriú maidir le bheith ag obair i bpáirt leis an áit oibre ar eagarthóireacht mholta ó thaobh spriocanna SMARTER agus beachtú TFF4. |
| **Aiseolas a ghlacadh isteach sa dréachtsonraíocht: eile** | Chuir an Feidhmeannach forbhreathnú ar aiseolas eile ón gcomhairliúchán i láthair. Ó thaobh réimsí le haghaidh cur i bhfeidhm rathúil, airíodh an ról atá ag an gComhairleoir Treorach, maoiniú, FGL, taithí oibre a éascú agus an ról atá ag an gcroífhoireann chomh maith le Comhordaitheoir an Chláir. |
| **Na chéad chéimeanna eile** | Chuir an Mheitheal Forbartha a mbuíochas in iúl don Chathaoirleach agus don Fheidhmeannach, agus gabhadh buíochas leis an Meitheal Forbartha as a bpaisean agus a dtiomantas don phróiseas. |